

# Clár na dToghthóirí

Tá sé níos éasca ar líne!

Is ar líne an bealach is éasca duit clárú chun vótáil nó chun do chuid sonraí a nuashonrú.



## Iarratas ar Vóta Poist do Chomhaltaí Óglaigh na hÉireann

[www.seiceailanclár.ie](http://www.seiceailanclár.ie)

Ní fhéadfaidh comhaltaí Óglaigh na hÉireann vótáil ach amháin leis an bpost agus ní mór dóibh iarratas a dhéanamh ar vóta poist chun é sin a dhéanamh. Má tá tú i do chónaí in áitreabh míleata, féadfaidh tú rogha a dhéanamh a bheith cláraithe ag an áitreabh sin nó ag do sheoladh baile.

Chun d'iarratas a phróiseáil, caithfidh roinnt faisnéis phearsanta a bhailiú uait. Inseoidh duit conas agus cén fáth a úsáidimid do chuid faisnéise pearsanta ar leathanaigh 3. Léigh an t-eolas seo le do thoil chun cabhrú leat an fhoirm seo a chomhlánú.

### Comhlánaigh an fhoirm seo i MBLOCLITREACHA, le do thoil

1

#### Do sonraí

Céadainm

Sloinne

Uimhir PSP

Dáta breithe

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

Uimhir fóin

Seoladh ríomhphoist

Náisiúntacht

Seoladh baile

  
  

Éirchód

An áit a bhfuil tú i do chónaí anois (sa chás go bhfuil sé de dhíth ort cónaí ag beairic/áitreabh míleata, cuir isteach an seoladh sin).

Uimhir Sheirbhíse

Grád

Aonad

Seoladh Baile (má bhaineann sé)

  
  

Éirchód

Más áitreabh míleata é an seoladh ag a bhfuil cónaí ort de ghnáth, agus más mian leat a bheith cláraithe chun vótáil ag do sheoladh baile, cuir isteach do sheoladh baile anseo.

Seoladh baile roimhe seo (más iomchuí)

  
  

Éirchód

Má bhí tú cláraithe roimhe seo ach tá do sheoladh baile athraithe agat ó shin.

2

## Sínigh anseo

Creidim chomh fada agus is eol dom go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam:

- > fírinneach, agus
- > iomlán.

Tuigim gur coir dhlíthiúil é faoin dlí toghcháin faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach d'údarás áitiúil.

Síniú

Dáta

# Faisnéis agus treoir chun an fhoirm seo a líonadh isteach

## An fhoirm seo agus cathain ba cheart duit í a úsáid

Chun vóta a chaitheamh, ní mór duit a bheith ar chlár na dtoghthóirí. Is féidir leat seiceáil an bhfuil tú cláraithe ag [www.seiceáil.clár.ie](http://www.seiceáil.clár.ie).

Is féidir leat [www.seiceáil.clár.ie](http://www.seiceáil.clár.ie) a úsáid freisin chun:

- › clárú chun vóta a chaitheamh;
- › do thaifead reatha a chomhlánú le sonraí ar nós Uimhir PSP, dáta breithe agus Éirchód; nó
- › athruithe a dhéanamh ar d'ainm nó do sheoladh baile.

Más comhalta d'Óglaigh na hÉireann tú ní féidir leat vótáil ach tríd an bpost.

Mar chomhalta d'Óglaigh na hÉireann is féidir leat a roghnú cibé an bhfuil tú cláraithe chun vótáil ag d'áit chónaithe mhíleata nó ag do sheoladh baile.

Chun a bheith cláraithe ag do sheoladh baile, beidh ort do sheoladh cónaithe míleata agus do sheoladh baile araon a chur ar fáil ar an bhfoirm seo.

## Conas a úsáidtear do chuid faisnéise

Chun vóta a chaitheamh, ní mór duit a bheith ar chlár na dtoghthóirí.

Tá roinnt sonraí pearsanta (d'ainm, seoladh, dáta breithe, UPSP agus náisiúntacht san áireamh) de dhíth ar d'údarás áitiúil chun d'iarratas a phróiseáil.

Féadfar an t-eolas seo a roinnt le húdaráis áitiúla eile nuair is gá chun an clár toghthóirí a bhainistiú agus a choimeád.

Chun cruinneas an chláir a chosaint is féidir do shonraí aitheantais a chros-seiceáil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn teoranta chun sonraí aitheantais a dheimhniú (ainm, dáta breithe, UPSP). Cé gur doiciméad poiblí é an clár, ní fhoilseofar d'uimhir PSP ná do dháta breithe.

Cabhraíonn sé seo na nithe seo a leanas a chinntiú:

- › nach bhfuil ach daoine incháilithe cláraithe chun vóta a chaitheamh agus
- › go gcoimeádtar an clár suas chun dáta, agus
- › níl aon duine ar an gclár faoi dhó ná nach bhfuil sonraí míchearta acu.

Leagtar an bunús dlí sin amach san Acht um Athchóiriú Toghchánach, 2022.

## An dáta is déanaí a nglacfar le hlarratas

Is féidir an fhoirm seo a sheoladh chuig d'údarás áitiúil ag am ar bith. **Má fhógaítear toghchán nó reifreann go foirmiúil**, ní mór don údarás áitiúil an fhoirm a fháil tráth nach déanaí ná:

Imeacht toghcháin	An dáta is déanaí le haghaidh d'iarratais a bheith faighte ag d'údarás áitiúil
Toghchán don Dáil	Dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála
Fothoghchán Dála	Dhá lá tar éis an t-ordú lá vótaíochta a dhéanamh i gcás fothoghchán Dála
Toghchán uachtaránachta, Eorpach nó áitiúil nó reifreann	22 lá ar a laghad roimh lá na vótála (gan Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí san áireamh)

Mura bhfaigheann d'údarás áitiúil d'fhoirm in am, ní féidir leis í a bhreithniú don toghchán nó don reifreann sin.

## Cén áit le d'fhoirm a sheoladh

Seol d'fhoirm chuig d'údarás áitiúil.

## Tuilleadh eolais

Téigh i dteagmháil le d'údarás áitiúil.

Is féidir leat breathnú ar sheoladh d'údaráis áitiúil ar líne nó iarr ar d'Ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil.